Nótaí don Dalta: Tomhas agus Logáil Sonraí

- Mar rang, pléigh cuspóir do thurgnaimh agus d'imscrúdaithe. Labhair ar an rud atá tú ag dul a thomhas.
- Úsáid braiteoir nó logálaí sonraí le do chuid sonraí a bhailiú.
- Úsáid bogearraí do logáil sonraí leis na sonraí a bhailigh tú chuig do ríomhaire a uaslódáil.
- Úsáid cuid de na huirlisí bogearraí le do chuid sonraí a shórtáil le gur furasta iad a léamh.
- Amharc ar do chuid torthaí agus labhair faoi phatrúin ar bith a gheobhaidh tú.
- Úsáid comhadainm le do chuid oibre a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- Labhair ar an méid atá foghlamtha agat ón turgnamh nó ón imscrúdú seo.
- Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Tomhas agus Logáil Sonraí

- Mar rang, pléigh cuspóir do thurgnaimh agus d'imscrúdaithe. Labhair ar an rud atá tú ag dul a thomhas.
- Úsáid braiteoir nó logálaí sonraí le do chuid sonraí a bhailiú.
- Socraigh an logálaí sonraí le léamha a thaifeadadh ag eatraimh rialta thar thréimhse ama atá socraithe.
- Úsáid na bogearraí do logáil sonraí leis na sonraí a bhailigh tú a uaslódáil chuig do ríomhaire.
- Úsáid cuid de na huirlisí bogearraí le do shonraí a shórtáil le gur furasta iad a léamh.
- Amharc ar do chuid torthaí agus labhair faoi phatrúin ar bith a gheobhaidh tú.
- Cóipeáil agus greamaigh do chuid torthaí isteach i ndoiciméad tuairisce. Smaoinigh ar do chuid oibre agus déan feabhsúcháin sa chruth is go gcuirfidh tú an fhaisnéis i láthair go maith. Déan eagarthóireacht ar do thuairisc agus seiceáil go bhfuil an téacs agus na híomhánna soiléir agus furasta a léamh.
- Úsáid comhadainmneacha leis na comhaid a bhaineann le do thurgnamh nó le d'imscrúdú a shábháil, comhadainmneacha a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- Pléigh an turgnamh le do rang. Labhair ar a fheabhas a d'oibrigh sé, an dóigh a dtiocfadh leat é a fheabhsú agus a mhéad a chuidigh an logálaí sonraí.

Nótaí don Dalta: Tomhas agus Logáil Sonraí

- Cruthaigh doiciméad tuairisce. Ar dtús mínigh cuspóir do thurgnaimh nó d'imscrúdaithe. Leis sin bíodh do thuar agus do hipitéis agus an modh oibre a úsáidfidh tú.
- Úsáid na braiteoirí agus na logálaithe sonraí is mó is cuí le do chuid sonraí a bhailiú.
- Socraigh an logálaí sonraí le léamha a thaifeadadh thar thréimhse ama ar leith agus ag na heatraimh a shainaithin tú i do mhodh oibre.
- Úsáid bogearraí do logáil sonraí leis na sonraí a bhailigh tú chuig ríomhaire a uaslódáil.
- Smaoinigh ar na huirlisí is fearr sna bogearraí do logáil sonraí agus roghnaigh iad le cuidiú leat do chuid sonraí a eagrú.
- Cuir na sonraí i láthair i bhformáid dhifriúil amhail tábla nó graf nó cairt fhóirsteanach.
- Cuir do chuid torthaí le do dhoiciméad tuairisce. Cuir isteach sonraí, graif, táblaí nó cairteacha ar bith a chruthaigh tú.
- I do thuairisc, mínigh an rud a insíonn do chuid torthaí duit faoi do thurgnamh agus d'imscrúdú.
- Scríobh conclúid ghairid le do thuairisc, bunaithe ar do chuid torthaí. Cuir an chonclúid i gcomparáid le do thuar nó do hipitéis.
- Úsáid stuchtúir chomhaid agus comhadainmneacha ábhartha le do chuid oibre a shábháil agus a eagrú.
- Léigh do thuairisc turgnaimh nó do thuairisc imscrúdaithe. Déan cur síos gairid ar an dóigh ar chinntigh tú gur tástáil chothrom a bhí sa tástáil seo. Cuir síos ar rud amháin a dhéanfá ar dhóigh eile le go mbeadh do chuid torthaí níos beaichte nó níos iontaofa.

Nótaí don Dalta: Tomhas agus Logáil Sonraí

- Cruthaigh tuairisc nó plean don turgnamh nó don imscrúdú agat. Cuir isteach faisnéis faoina chuspóir, faoi do thuar nó do hipitéis faoi na torthaí a bhfuil tú ag súil leo, athróga (spleách, neamhspleách nó rialaithe) agus faoin mhodh oibre.

- Leag amach do thurgnamh nó d'iniúchadh agus úsáid na braiteoirí a bheas de dhíth ort leis na cainníochtaí fisiceacha a sainaithníodh i do phlean a thomhas.

- Úsáid na bogearraí do logáil sonraí leis na sonraí a bhailigh tú chuig do ríomhaire a uaslódáil.

- Roghnaigh na huirlisí bogearraí is fearr le do chuid sonraí a eagrú le haghaidh anailíse agus cur i láthair.

- Cuir na sonraí i láthair i do dhoiciméad tuairisce.

- Aistrigh do chuid sonraí chuig scarbhileog chomhroinnte le do chuid torthaí a chur i gcomparáid le torthaí daoine eile. Fágann sin gur féidir leat anailís níos doimhne a dhéanamh ar na torthaí.
  Déan táblaí, cairteacha nó graif ar bith a rinne tú a aistriú ón scarbhileog chomhroinnte go dtí do dhoiciméad tuairisce.

- I do dhoiciméad tuairisce, déan anailís agus bain tátal as do chuid torthaí. Cuir d'anailís i gcomparáid leis an chéad tuar nó an chéad hipitéis a bhí agat.

- Déan luacháil ar thoradh do thurgnaimh nó d'imscrúdaithe, ar na hathróga a roghnaigh tú a thomhas agus ar do mhodh oibre. Smaoinigh ar an dóigh a dtiocfadh leat do chuid torthaí a dhéanamh níos iontaofa nó níos beaichte.

- Úsáid fillteáin agus comhadainmneacha neadaithe leis na comhaid a bhaineann le d'imscrúdú a bhainistiú.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do thuairisce.